Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gaeilge mar Theanga Bhreise (GTB)

Foireann na Bunscoile, GaelAonad 2025

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún a Dó

## Gaeilge mar Theanga Bhreise (GTB)

Foireann na Bunscoile, GaelAonad 2025



BY NC

# Príomhtheachtaireachtaí

Oide

**Comhoibriú:**
Tá comhoibriú idir gach ball foirne scoile riachtanach chun timpeallacht foghlama chuimsitheach a chothú a thugann tacaíocht d'fhoghlaimeoirí Gaeilge mar Theanga Bhreise (GTB).

**Timpeallacht Ranga:**
Tacóidh timpeallacht ranga ina gcuirtear luach agus béim ar chumarsáid le cuimsiú gach foghlaimeora agus le forbairt a stór teanga trasna teangacha éagsúla.


**Cultúr scoile:**
Is cultúr scoile cuimsitheach é an ceann a thugann deiseanna d'fhoghlaimeoirí (GTB) a dteanga dhúchais a úsáid nuair is féidir, chun cabhrú leo rochtain a fháil ar an gcuraclam agus páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile.

**Curaclam Teanga na Bunscoile:**
Léiríonn Curaclam Teanga na Bunscoile an éagsúlacht teangeolaíoch agus cultúrtha atá le feiceáil i mbunscoileanna agus tacaíonn sé le gach foghlaimeoir ina bhfoghlaim agus ina bhforbairt teanga.

# Cur amach ar an oideolaíocht

Oide

## BCI agus ITAC








Teoiric
'Chnoc Oighir'
(Cummins, 2008)

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cur amach ar an Oideolaíocht

Teoiric 'Chnoc Oighir' (Cummins, 2008)






Oide

# BCI
# (Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta)

| BCI |
|---|
| In ann comhrá sóisialta a bheith acu- ar scoil agus taobh amuigh den suíomh scoile |
| Treoracha simplí, aonair agus ilchéimeanna a leanúint |
| Ceisteanna díreach a fhreagairt ó bhéal |
| Ní teanga speisialaithe atá ann |
| Níos lú éileamh cognaíoch ag teastáil |
| An chuma go bhfuil siad líofa sa teanga |

Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta

# ITAC
# (Inniúlacht ar an Teanga Chognaíoch agus Acadúil)

| ITAC |
|---|
| Suíomh acadúil- dioscúrsa ranga, léamh agus tuiscint ar théacsanna ag leibhéil ranga an fhoghlaimeora |
| Eolas speisialaithe ag teastáil |
| Éileamh cognaíoch níos airde- foclóir agus struchtúr gramadaí níos casta |
| Taighde a dhéanamh ar ábhar |
| m.sh. Aiste a scríobh |
| Tá siad líofa sa teanga |

Inniúlacht ar an Teanga Chognaíoch agus Acadúil

# Cur i gcuimhne…..Conairí Forbartha

Oide

1. Tuigeann siad go bhfuil teanga eile ann
2. Tréimhse thostach
3. Freagraíonn siad i dteangacha eile
4. Tugann siad le fios go bhfuil tuiscint acu tríd léiriú/freagraí go fisiciúil
5. Déantar athrá ar abairtí
6. Códmhalartú
7. Abairtí gearra
8. Abairtí iomlána
9. Caint agus comhrá cruthaitheach


primary developments

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE GAEILGE

**Ábhar Tacaíochta**

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | Céim 1 - Céim 4

## Conairí Forbartha leis an nGaeilge a Fhoghlaim mar Dhara Teanga

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

*Forbraíonn páistí coincheapa, meonta agus scileanna i dtaca le:*

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint

Leanann an chuid is mó de leanaí conairí intuartha agus iad ag foghlaim dara teanga i suíomhanna oideachais. Ní haon eisceacht í an Ghaeilge agus foghlaimíonn leanaí mar dhara teanga ar an mbunscoil í ar bhealaí intuartha, ach aonair.

D'fhéadfaí a rá gur próiseas cognaíoch, sóisialta é dara teanga a fhoghlaim, .i., foghlaimíonn leanaí teanga ach córas na teanga a oibriú amach trí idirghníomhú le cainteoirí a bhfuil an teanga sin ar a dtoil acu.

Foghlaimíonn leanaí an Ghaeilge mar dhara teanga ar an mbunscoil ar bhealaí intuartha, ach aonair.


**Tuiscint a Léiriú**

Teastaíonn ón gcuid is mó de leanaí roinnt ama lena thuiscint gur féidir brí a dhéanamh i dteanga nach í a gcéad teanga í. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis an múinteoir cur le hurlabhra le comharthaí, leideanna, áiseanna amhairc, fíor-rudaí agus fíoreispéiris, ionas go mbeidh an bhrí soiléir ón gcomhthéacs. Mar shampla, is féidir leis an múinteoir comharthaí a dhéanamh le hiarraidh ar leanbh teacht chuige, mála scoile a thaispeáint le labhairt faoi 'mhála scoile' nó bosca lóin a úsáid le tagairt a dhéanamh do 'bhosca lóin'.

Ar dtús, beidh na leanaí sa **tréimhse thostach** chomh fada is a bhaineann sé leis an dara teanga a úsáid agus úsáidfidh siad a gcéad teanga in amanna – mar shampla, Béarla – nó fanfaidh siad ina dtost. Tugann an taighde le fios nár cheart an iomarca brú a chur orthu an dara teanga a labhairt ag an tús. Féadfaidh leanaí a léiriú gur thuig siad a ndúradh ach iarratais nó treoracha a chomhlíonadh. Le himeacht ama, beidh an múinteoir in ann níos lú béime a leagan ar na comharthaí agus ar straitéisí eile, agus níos mó béime a leagan ar an urlabhra amháin. Beidh sé in ann a chur in iúl go bhfuil sé ag súil le tuilleadh freagairtí ó bhéal ó na leanaí, ag tosú amach le focail agus le frásaí a úsáidtear go minic. Is féidir tacú le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i nGaeilge a labhairt trí úsáid a bhaint as scafalra dinimiciúil, réimse straitéisí amhail glacadh le friotal an linbh agus cur leis le foirm iomlán na habairte a mhúnlú, áiseanna amhairc agus fíor-rudaí le brí agus comhthéacs a shoiléiriú, agus trí neart ábhar i gcló a chur ar fáil chomh maith.

Is féidir leis an múinteoir cur le hurlabhra le comharthaí, leideanna, áiseanna amhairc, fíor-rudaí agus fíoreispéiris, ionas go mbeidh an bhrí soiléir ón gcomhthéacs.

www.curriculumonline.ie



# Cé hiad ár bhFoghlaimeoirí GTB?

Oide

**Alina**

"Is cailín Rómáinis 8 mbliana d'aois mé, a rugadh in Éirinn. Thosaigh mé ar scoil i mbliana. Is í mo dheirfiúr níos sine an chéad duine atá in ann léamh agus scríobh i mo theaghlach."

**Maxim**

"Is buachaill aon bhliain déag d'aois mé. Bhog mé anseo le mo mháthair ón Úcráin sé seachtaine ó shin chun cónaí le mo chol ceathracha. Labhraím Rúisis agus Úcráinis agus is breá liom Mata."

**Abdolaye**

Is buachaill 9 mbliana d'aois ón Iordáin mé a bhfuil cónaí orm in Ionad Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (Soláthar Díreach) le mo thuismitheoirí agus mo dheirfiúr. Tháinig mé go hÉirinn i mí na Nollag 2023."


**Zuzanna**

"Is cailín Polannach 5 bliana d'aois mé sna Naíonáin Shinsearacha. Bhog mo thuismitheoirí go hÉirinn sular rugadh mise. Labhraím Polainnis sa bhaile le mo theaghlach."

# Teangacha baile

## Cad iad na bealaí ar féidir linn tacú le foghlaimeoirí GTB rochtain a fháil ar an gcuraclam ag baint úsáid as a dteanga/a dteangacha baile?








# Aistear an pháiste….

Oide

Réamhléiriú → Luath Léiriú → Teacht chun cinn na cainte → Líofacht Idirmhéanach → Ard Líofacht












# Réamhléiriú




Oide

## Straitéisí Teagaisc


- Áiseanna amhairc a úsáid le haghaidh amchláir agus teagasc
- Stór focal a chur ar fáil don timpeallacht teanga
- Ceartú earráide agus nathanna cainte a sheachaint
- Freagra labhartha eile a iarraidh trí phointeáil
- Cárta pas a thabhairt dhóibh

***Ceisteanna***

- Taispeáin dom…
- Cá bhfuil….?
- Cé aige atá…..?
- Cur ciorcal ar….










Oide

# Luath Léiriú


## Straitéisí Teagaisc

- Stór focal a fhorbairt tuilleadh don timpeallacht teanga
- Usáid áiseanna amhairc d'amchláir agus teagaisc
- Frámaí ceisteanna agus freagraí le stór focal nua




***<u>Ceisteanna</u>***

- Ceisteanna:Tá/Níl….
- Ceisteanna: …. Nó ….
- Cé/Céard/Cé mhéad?....










# Teacht chun cinn na cainte


## Straitéisí Teagaisc

- Stór focal níos leithne a fhorbairt don teanga shóisialta
- Frámaí ceisteanna agus freagraí ar fáil chun dul le stór focal nua
- Comhrá idir piaraí a spreagadh

***Ceisteanna***

- Conas/ Cén chaoi….?
- Cén fath….?
- Mínigh……(freagra gearr)











Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Líofacht Idirmheánach

## Straitéisí Teagaisc


- Tascanna moirfeolaíocha a éascú
- Frámaí alt a chur ar fáil chun tascanna acadúla a chur i gcrích
- Stór focal a bhaineann go sonrach le hábhar a fhorbairt do thascanna
- Tacú le scileanna tuisceana
- Tasc ó bhéal atá dúshlánach go cognaíoch a spreagadh  (m.sh: díospóireachtaí)

***Ceisteanna***

- Cén fath go gceapann tú….?
- Cad a tharlódh dá……?







# Ard Líofacht

## Straitéisí Teagaisc

- Leanúint ar aghaidh ag forbairt stór focal a bhaineann le hábhar tascanna
- Leanúint ar aghaidh ag cur frámaí alt ar fáil chun tascanna a chur i gcrích
- Eolas a fhorbairt ar chomhcheangail

**_Ceisteanna_**

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil....
- athinsint.....
- údar a thabhairt...







# Eolas ar Oideolaíocht

Oide

## Teanga Baile

- Éilíonn cleachtas éifeachtach do leanaí agus do dhaoine óga atá ag foghlaim GTB ar scoileanna a dteangacha baile a aithint agus a chothú.

- Tríd an teanga baile a úsáid agus a chothabháil, is féidir le leanaí agus le daoine óga rochtain níos fearr a fháil ar ábhar acadúil a oireann dá n-aois agus dá gcéim forbartha sa dara teanga agus é a thuiscint níos fearr.

- Cuidíonn cothabháil na teanga baile freisin le haitheantas agus tacaíocht a thabhairt d'fhéiniúlacht agus do féin-mhothú an linbh, rudaí a chuireann go mór le cúrsaí folláine.

# Acmhainní

Oide

mother tongues

BOOK CREATOR

Microsoft Translator

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí
Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú

CEA
Rewarding Learning

Google Lens


giglets

Immersive Reader

Séideán Sí

LOTE 4Kids

# Aistriúchán Uathoibríoch ar Gmail



# Straitéisí Scafall

- Uirlisí Digiteacha agus Bogearraí Aistriúcháin
- Múnlú agus Gothaí (TPR=Lánfhreagairt Ghníomhach)
- Íomhánna agus Realia
- Ag oibriú i ngrúpaí beaga agus obair bheirte bheartaithe
- Teanga bhaile mar scafall
- Ceangail le heolas cúlra agus réamhfhoghlaim
- Eagraithe grafacha
- Struchtúir abairtí: frámaí abairtí, fréamhacha agus tosaitheoirí
- Léigh os ard
- Príomhstór focal a teagascadh roimh ré

# Conas Stór Focal a Mhúineadh

Oide

**Teagasc stór focal roimh na ceachtanna**

↓

**Sampla / Neamhshampla**

↓

**Cuir íomhánna ar fáil don stór focal**

↓

**Focail a mhúineadh i gcomhthéacs**


## Samhail Frayer de Stór Focal - Siorc

| | |
|---|---|
| **Mo Shainmhíniú** (i mo theanga/fhocail féin)<br> | **Fíricí/Saintréithe**<br>1. Níl aon chnámh ag siorcanna<br>2. Fuarfhuilteach<br>3. Radharc na súl maith |
| **Samplaí/Neamhshamplaí**<br>• Éan Siorc/Ochtapas<br>• Siorc Ceann Casúir/Deilf | **M'fhocal in úsáid in abairt**<br>*Is é an míolsiorc an siorc is mó ar domhan.*<br><br>**Fráma Abairte**<br>*Tá ____ níos mó ná _____.* |

# Séimeantaic Ildaite

Oide

**Cé**



**Cad atá ar siúl?**



**Cad é?**



**Cén áit?**




**Cathain?/Cén uair?**



**Cé leis?**



**Cad é mar sin?**



**Cén fáth?**



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Dea-chleachtas




- Timpeallacht ionchuimsitheach & ilteangach
- Leabharlann le téacsanna ilteangacha




- Dul siar leanúnach: foclóir/frásaí coitianta
- Scafláil foghlamtha
- Teagasc difreálach
- Ag feithimh
- Ag leanúint leis an bpróiséas sealbhú teanga




# Dea-chleachtas

Oide








- Foghlaim chomhoibríoch
- Foghlaim ghníomhach agus phraicticiúil
- Réamhobair
- Teicneolaíocht inrochtana
- Plean tacaíocht scoile (Comhad Scoláire)
- Cleachtas gairmiúil foirne
- Suíomh scoile inrochtana







Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tuilleadh Eolais...

Oide

## Táscairí Dea-chleachtais maidir le Soláthar Riachtanais Speisialta Oideachais i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta Gaeltachta (2024)







**Réimse 7 Soláthar do Dhaltaí ag Foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla mar Theanga Bhreise**

*Cinntíonn an fhoireann go ndéantar freastal ar an éagsúlacht teangeolaíochta agus chulturtha atá sa scoil agus ar riachtanais bhreise teanga na ndaltaí atá ag foghlaim Gaeilge agus Béarla mar theanga bhreise.*

# 3, 2, 1....



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Go raibh míle maith agaibh



cc BY NC